Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Eanáir 2023**
**(OR. en)**

**5042/23**

**ECOFIN 11**
**UEM 10**
**SOC 5**
**EMPL 4**
**COMPET 9**
**ENV 4**
**EDUC 3**
**RECH 4**
**ENER 4**
**JAI 7**
**GENDER 3**
**ANTIDISCRIM 3**
**JEUN 3**
**SAN 8**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Nóta míniúcháin - Doiciméad tionlacain a ghabhann leis an moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an leagan den nóta míniúcháin a ghabhann leis an moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, tar éis chruinnithe an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus Mheitheal an Ghrúpa Euro.

## Nóta míniúcháin

*- Doiciméad tionlacain a ghabhann leis an moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro 2023*

In Airteagal 2(ab)(2) de Rialachán Uimh. 1466/97 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú, ar cuid é den roinn maidir le 'Idirphlé Eacnamaíoch', cuirtear an méid seo a leanas in iúl: '*Mar riail ghinearálta, meastar go ndéanfaidh an Chomhairle de réir na moltaí agus na dtograí ón gCoimisiún nó go ndéanfaidh sí a seasamh a mhíniú go poiblí*'.

Leis seo, i dtaca leis an 'riail comhlíon nó mínigh' sin, cuireann an Chomhairle i láthair na mínithe seo a leanas ar na hathruithe a comhaontaíodh ar na Moltaí ón gCoimisiún le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro i gcomhthéacs an tseimeastair Eorpaigh, nach bhfuil an Coimisiún ar aon intinn faoi.

Chomhaontaigh an Chomhairle (Ecofin) roinnt nithe breise freisin mar aon le leasuithe fíorasacha nó teicniúla ar mholtaí le tacaíocht iomlán ón gCoimisiún.

**<u>Moladh 2 maidir leis an Limistéar Euro</u>**

*An téacs ón gCoimisiún:*

Ardleibhéal infheistíochta poiblí a choinneáil ar bun a bhfuil gá léi chun borradh a chur faoin athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta agus chun tacú leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach, lena n-áirítear le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr agus an aistrithe chuig foinsí inathnuaite fuinnimh. Na cláir bheartais chomhtháthaithe agus na pleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme, lena n-áiritheofar seachadadh tráthúil athchóirithe agus infheistíochta, agus a áirithiú go mbeidh nuashonruithe ar na pleananna spriocdhírithe agus nach laghdófar an uaillmhian fhoriomlán leo. Céimeanna breise a ghlacadh, lena n-áirítear trí phlean REPowerEU, chun dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan agus chun neamhspleáchas fuinnimh an Aontais a mhéadú.

*An téacs a comhaontaíodh:*

Ardleibhéal infheistíochta poiblí a choinneáil ar bun agus infheistíochtaí príobháideacha a chur chun cinn a bhfuil gá leo chun borradh a chur faoin athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta agus chun tacú leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach, lena n-áirítear le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr agus an aistrithe chuig foinsí inathnuaite fuinnimh. Na cláir bheartais chomhtháthaithe agus na pleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme, lena n-áiritheofar seachadadh tráthúil athchóirithe agus infheistíochta, agus a áirithiú go mbeidh nuashonruithe ar na pleananna spriocdhírithe, lena gcuirfear san áireamh an staid eacnamaíocht atá ag teacht chun cinn, agus gan an uaillmhian fhoriomlán a bhaineann leo a laghdú. Céimeanna breise a ghlacadh, lena n-áirítear trí phlean REPowerEU agus trí phleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide, chun dlús a chur leis an aistriú fuinnimh agus chun neamhspleáchas fuinnimh an Aontais a mhéadú.

*Míniú:*

Is é an t-aon athrú nach bhfuil an Coimisiún ar aon intinn faoi an t-athrú a bhaineann leis an bhfocal ‘glan’ a scriosadh. Is é is aidhm don athrú débhríocht a sheachaint, toisc nach bhfuil an téarma ‘fuinneamh glan’ sainmhínithe go soiléir. Thairis sin, ní thacaíonn an Chomhairle go ginearálta leis an téarma ‘fuinneamh glan’ mar bhealach chun cur síos a dhéanamh ar aistriú fuinnimh an Aontais. Is é is aidhm don téacs a comhaontaíodh a áirithiú gur ar an raon leathan fuinneamh/teicneolaíochtaí atá slán ó thaobh an chomhshaoil de agus inghlactha go sóisialta a bheifear ag díriú.